**Éagothroime Sláinte go Forleathan i Measc Leanaí ag Aois Scoile in Éirinn**

**Dé Máirt 7 Deireadh Fómhair, 2008:** Tugtar léiriú ar an éagothroime sláinte i measc leanaí in Éirinn i dtuarascáil a d'fhoilsigh an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh inniu. Seo an dara tuarascáil náisiúnta ón Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) "*Éagothroime Sláinte i measc Leanaí ag Aois Scoile in Éirinn*".

Den chéad uair tá scrúdú déanta ar phatrúin sláinte, ar iompraíocht sláinte agus ar fholláine i measc leanaí ón Lucht Siúil, leanaí inimirceacha, leanaí a bhfuil míchumas agus tinneas ainsealach orthu agus leanaí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste, agus tá comparáid déanta idir iad agus leanaí eile.

I measc phríomhthorthaí an tsuirbhé tá rátaí arda úsáidte alcóil i measc cailíní agus buachaillí ón Lucht Siúil, agus rátaí ísle meisce i measc buachaillí inimirceacha; thuairiscigh leanaí ó scoileanna faoi mhíbhuntáiste nach raibh aiste bia chomh scamhardach sin acu agus fuarthas amach go bhfuil leibhéil arda leatroma bulaíochta i measc cailíní ón Lucht Siúil, inimircigh agus leanaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu. Is lú seans go mothódh daltaí ón Lucht Siúil, ó theaghlaigh inimirceacha agus daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu go nglacann daltaí eile leo agus is lú seans go mbeadh triúr cairde nó níos mó ná sin ag cailíní sna grúpaí daltaí sin, go háirithe.  Ba spéisiúil an rud é gur beag difríocht a aithníodh idir na grúpaí ó thaobh a gcaidrimh lena dtuismitheoirí.

Dúirt an Dr Saoirse Nic Gabhainn ó Ionad Taighde um Chothú Sláinte OÉ Gaillimh: "Is tuarascáil cheannródaíoch í seo a thugann dúshlán na tuairime atá againn maidir le héagothroime agus le héagsúlacht in Éirinn.  Bhí a fhios againn go raibh éagothroime sláinte ann i measc daoine fásta ach ceapadh go raibh níos mó comhionannais ann idir leanaí – ach ní hamhlaidh atá ar chor ar bith. Tá deacrachtaí níos mó ag grúpaí áirithe leanaí ná mar atá ag grúpaí eile, agus baineann an fhadhb seo linn uile".

Díríodh ar leanaí scoile ó rang 5 go dtí an 5ú bliain, agus ba é an chéad uair é ar cuireadh na difríochtaí agus na cosúlachtaí maidir le sláinte ghinearálta agus folláine, úsáid substaintí, iompraíocht cothaithe agus bia, gníomhaíocht fhisiciúil, foréigean agus gortuithe, dearcadh i leith na scoile agus an caidreamh le tuismitheoirí agus le cairde ar taifead go córasach.

Ag fáiltiú di roimh an tuarascáil, dúirt Mary Wallace T.D., An tAire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí a bhfuil freagracht ar leith uirthi maidir le Cothú Sláinte agus Sábháilteacht Bia: "Tá sé tábhachtach taifead a choinneáil ar an gcaoi a bhfuil ár gcuid leanaí. Cabhróidh sin linn tuiscint níos fearr a fháil ar na réimsí ar cheart dúinn ár n-iarrachtaí a bheith dírithe orthu. Táimid tiomanta d'fhianaise taighde a úsáid chun cur lenár gcur chuige i leith an chuimsithe shóisialta".

Tá an suirbhé de chuid HBSC Éireann lonnaithe san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh ó 1994 agus is féidir gach tuarascáil agus gach alt a íoslódáil ó www.nuigalway.ie/hbsc

- críoch -

**Údair ar féidir teagmháil a dhéanamh leo agus Sonraí maidir leis an HBSC**

An Dr Michal Molcho 091-493668; 085 7343988; michal.molcho@nuigalway.ie
An Dr Colette Kelly 091-493186; colette.kelly@nuigalway.ie
An Dr Saoirse Nic Gabhainn 091-493093; 086 8585177; saoirse.nicgabhainn@nuigalway.ie
Is féidir an tuarascáil iomlán i mBéarla agus i nGaeilge a íoslódáil ó www.nuigalway.ie/hbsc

Bailíonn taighde HBSC Éireann sonraí trí cheistneoirí ó leanaí ó rang 5 go dtí an 5ú bliain in 215 scoil in Éirinn. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar shampla ionadaíoch náisiúnta de 10,334 leanbh scoile. Tá a bhfuil foilsithe go nuige seo ó HBSC Éireann le fáil ar an láithreán gréasáin www.nuigalway.ie/hbsc

Tá HBSC Éireann lonnaithe san Ionad Taighde um Chothú Sláinte in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá an Dr Saoirse Nic Gabhainn, Príomh-Thaighdeoir, an Dr Michal Molcho, Príomh-Imscrúdaitheoir Cúnta agus an Dr Colette Kelly, Bainisteoir Suirbhé i gceannas ar fhoireann HSBC Éireann. Tugann an tAonad Beartais um Chothú Sláinte agus Oifig an Aire Leanaí sa Roinn Sláinte agus Leanaí tacaíocht do HBSC Éireann.

**Nótaí d'eagarthóirí**

**An Lucht Siúil**

B'ionann daltaí an Lucht Siúil agus daltaí eile sa mhéid gur thuairiscigh siad go raibh scoth na sláinte acu agus go raibh siad an-sásta lena saol, ach thuairiscigh níos lú daltaí ón Lucht Siúil go raibh siad an-sona leis an saol (71% vs 82%). Ba thúisce a thuairisceodh daltaí ón Lucht Siúil iompraíochtaí riosca, amhail gur chaith siad tobac (25% vs 17%), gur úsáid siad cannabas (21% vs 12%) agus gur ól siad alcól (32% vs 18%).  Thuairiscigh níos mó daltaí ón Lucht Siúil nár bhac siad le bricfeasta i rith na seachtaine (21% vs 12%) agus go raibh siad ar aiste bia (28% vs 19%). Thuairiscigh sciar níos mó díobh nach ndearna siad aclaíocht go minic (16% vs 7%). Ba thúisce a thuairisceodh cailíní ón Lucht Siúil go raibh bulaíocht déanta orthu ar scoil (30% vs 16%) ach ní fhacthas aon difríocht maidir le bheith rannpháirteach i mbulaíocht ar dhaoine eile, i dtroid nó i dtuairisciú gortuithe ar theastaigh cóir leighis uathu. Thuairiscigh níos lú daltaí ón Lucht Siúil go raibh dearcadh dearfach acu ar an scoil, mar shampla, gur lú seans go nglacfadh daltaí eile leo mar atá siad (80% vs 86%).

**Inimircigh**

Thuairiscigh níos lú daltaí inimirceacha go raibh siad an-sásta lena saol faoi láthair (43% vs 53%) nó go raibh siad an-sona leis an saol (74% vs 80%) i gcomparáid le daltaí eile. Thuairiscigh níos mó cailíní inimirceacha nár bhac siad le bricfeasta aon lá i rith na seachtaine (23% vs 14%) agus go raibh siad ar aiste bia (21% vs 12%) i gcomparáid le cailíní eile ach níor cuireadh suntas in aon difríochtaí eile.  Thuairiscigh níos lú daltaí inimirceacha go mbíonn siad gníomhach go fisiciúil ar bhonn rialta (50% vs 57%). Ba thúisce a thuairisceodh cailíní inimirceacha go raibh bulaíocht déanta orthu ar scoil (30% vs 23%) ach ní fhacthas aon difríocht maidir le bulaíocht ar dhaoine eile, troid nó gortuithe ar theastaigh cóir leighis uathu a thuairisciú. Thuairiscigh níos lú daltaí inimirceacha go bhfuil na daltaí ina gcuid ranganna cineálta agus cabhrach (62% vs 68%) agus go nglacann daltaí eile leo mar atá siad (73% vs 82%). Thuairiscigh níos mó cailíní inimirceacha nár bhac siad le bricfeasta aon lá i rith na seachtaine (23% vs 14%) agus go raibh siad ar aiste bia (21% vs 12%) i gcomparáid le cailíní eile ach níor cuireadh suntas in aon difríochtaí eile.
Thuairiscigh níos lú leanaí inimirceacha go raibh triúr cairde nó níos mó ná sin den inscne chéanna acu (83% vs 91%).

**Míchumas agus Tinneas Ainsealach**

Thuairiscigh níos lú daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu go raibh scoth na sláinte acu (26% vs 36%). Thuairiscigh níos lú buachaillí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu go

raibh siad an-sásta lena saol (46% vs 55%) nó go raibh siad an-sona leis an saol (74% vs 83%) i gcomparáid le buachaillí eile. Níor fionnadh go raibh aon difríocht idir leanaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu maidir le húsáid substaintí agus leanaí eile. Thuairiscigh níos mó daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu go raibh taithí acu ar bhochtaineacht bia (19% vs 15%) agus go raibh siad ar aiste bia (15% vs 11%). Thuairiscigh níos mó daltaí a bhfuil míchumas orthu gur gortaíodh iad le 12 mhí anuas (50% vs 44%), go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil le cúpla mí anuas (30% vs 22%) agus go raibh siad i dtroid le 12 mhí anuas (42% vs 38%). Tuairiscíonn níos lú daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu go nglacann daltaí eile leo mar atá siad (77% vs 82%).

Is gnách gur tréine na difríochtaí seo i measc daltaí a thuairiscíonn go bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu a chuireann isteach ar a gcuid freastail ar an scoil agus ar a rannpháirtíocht ar scoil.

**Scoileanna DEIS**

Thuairiscigh níos lú daltaí i scoileanna DEIS go raibh scoth na sláinte acu (31% vs 35%) nó go raibh siad an-sásta lena saol faoi láthair (54% vs 49%). Chomh maith leis sin, ba thúisce a thuairisceodh buachaillí sna scoileanna seo iompraíochtaí riosca ar nós tobac a chaitheamh (17% vs 10%) nó alcól a ól (40% vs 35%) i gcomparáid le buachaillí eile. Thuairiscigh níos mó daltaí i scoileanna DEIS nár bhac siad le bricfeasta i rith na seachtaine (18% vs 12%). Ní raibh aon difríocht ann maidir le gníomhaíocht fhisiciúil. Thuairiscigh níos mó cailíní i scoileanna DEIS go ndearna siad bulaíocht ar dhaltaí eile le cúpla mí anuas (17% vs 13%) agus go raibh siad i dtroid uair amháin ar a laghad le 12 mhí anuas (30% vs 23%). Thuairiscigh níos lú buachaillí i scoileanna DEIS gur maith leo an scoil (58% vs 66%), gur maith le daltaí ina gcuid ranganna a bheith le chéile (73% vs 78%) agus go raibh/go mbíonn siad cineálta agus cabhrach (59% vs 67%). Ba thúisce a thuairisceodh daltaí i scoileanna DEIS, áfach, go gcaitheann siad trí thráthnóna nó níos mó ná sin sa tseachtain le cara (70% vs 56%).